


Irish

Scagthástáil ailse putóige

Na fíricí



Cad a phléitear sa bhileog seo?

Pléitear sa bhileog seo na tairbhí agus na rioscaí a bhaineann le clár scagthástála ailse putóige Thuaisceart Éireann agus na cúiseanna a bhfuil sé tábhachtach go nglacfadh duine páirt ann nuair a thugtar cuireadh dó nó di déanamh amhlaidh.

Cén fáth ar cheart scagthástáil a dhéanamh le haghaidh ailse phutóige?

- Má aimsítear ailse phutóige ag céim an-luath, éireoidh go geal leis an chóireáil. Maidir leis na daoine a dhiagnóisítear ag an chéim is luaith, mairfidh naonúr as gach deichniúr díobh ar feadh cúig bliana nó níos mó tar éis na diagnóise.
- Fágann sé sin gur féidir thart ar 60 bás i dTuaisceart Éireann a sheachaint gach bliain.
- Is féidir polaipí a aimsiú sa scagthástáil freisin. Is é is polaipí ann ná cnuasach ceall nach cealla ailse iad ach a d'fhéadfadh tiontú ina gcealla ailse. Má aimsítear polaipí go luath, is féidir iad a bhaint go héasca sula dtarlaíonn sé sin.

Cé chomh coitianta is atá ailse phutóige?

- Tiocfaidh ailse phutóige ar thart ar dhuine amháin as fiche duine ina saol.
- Is í ailse phutóige an dara cineál ailse is coitianta a aimsítear i bhfir agus mná i dTuaisceart Éireann.
- Is coitianta ailse phutóige i measc daoine scothaosta, agus i measc fear scothaosta go háirithe.

Cad a lorgáítear sa scagthástáil?

Lorgáítear sa tástáil méideanna beaga bídeacha fola i do chac. Is luathchomhartha rabhaidh é sin go bhfuil rud éigin contráilte. Má aimsítear roinnt fola sa tástáil, ní chiallaíonn sé sin gur cinnte go bhfuil ailse phutóige ort. Ina ionad sin, ciallaíonn sé gur cheart duit dul faoi scrúdú leighis chun go n-aimseofaí an chúis leis an fhuil sa chac.

Treoracha maidir leis an trealamh scagthástála putóige a úsáid
Teastóidh na nithe seo a leanas uait...

rud éigin ar féidir leat do chac a ghabháil ann, mar shampla seanchóimeádn glan

trealamh tástála (ag gabháil leis seo)

peann

nó páipéar leithris.

An-Tábhachtach
Scríobh síos ar an trealamh tástála an dáta a thóg tú an sampla. Mura ndéanann tú é sin, tá seáns ann nach mbeidh muid ábalta é a thástáil.

1. Cuir an coimeádn nó páipéar leithris isteach sa leithris chun do chac a ghabháil. Ná lig don chac na fadhbanna den leithreas ná an t-uisce a thadhall.
2. Bain an caipín den fheadán chun an maide a bhaint.
3. Tum ceann an mhaide isteach i do chac. Ná líon ach an dá eitre bheaga ag an cheann - ná cuir an iomarca ann.
4. Cuir an maide ar ais san fheadán. Dún an feadán ach an caipín a chur ar ais air.
5. Má bhain tú úsáid as coimeádn, cuir i málá plaisteach é agus faigh réidh leis i mbosca brúscar do lámha a n.
6. A luaithe a bheidh sé sin déanta agat, cuir an trealamh tástála isteach sa chúdach stuaithe atá tugtha agus seol é chugainn tríd an phost a luaithe is féidir.

Line Chabhach Saorthlaio: 0800 015 2514
(Relay UK 18001 0800 015 2514 do dhaoine atá bodhar nó a bhfuil lagú cainte orthu)
Chun tuilleadh faisnéise a fháil, téigh chuig:
www.nidirect.gov.uk/articles/bowel-cancer-screening

Arna óráil le Coadú Scagthástáil Putóige na Breataine Bige/Sáinte Phoibé na Breataine Bige, a d'fhoibair an t-ádh bunaidh.

HSC Public Health Agency
Public Health Agency
10-12 St. James's Street, Belfast BT1 6JG
0300 061 0100
www.hsc.ie/publichealth

0800

Cé air a bhfuil an scagthástáil dírithe?

I dTuaisceart Éireann, tá scagthástáil dírithe ar gach duine atá idir 60 bliain d'aois agus 74 bliana d'aois. Tabharfar deis do gach duine sa ghrúpa sin atá cláraithe le lia-chleachtóir ginearálta scagthástáil a fháil gach dhá bhliain.

Conas a dhéantar an scagthástáil?

Seolfar trealamh tástála trí chasadh an phoist chuig gach duine idir 60 bliain d'aois agus 74 bliana d'aois atá cláraithe le lia-chleachtóir ginearálta. Is í an trealamh tástála an chéad chéim i bpróiseas tástála a bhféadfadh go mbeadh tuilleadh tástálacha agus ceann amháin nó níos mó de chuirteanna ospidéil i gceist leis.

Conas a dhéanaim an tástáil?

- Déanann tú an tástáil i bpríobháideacht do thí. Tógann tú sampla an-bheag caca ach an maide tástála a sholáthraítear a úsáid. I dteannta an trealamh thástála, tugtar treoracha maidir le conas ba cheart an tástáil a úsáid.
- Is féidir leat glao a chur ar an líne chabhrach saorghlao ar **0800 015 2514** má bhíonn aon cheisteanna agat faoi conas ba cheart an trealamh tástála a úsáid.

Cén uair a gheobhaidh mé mo thorthaí?

- Ba cheart go bhfaighfeá do thorthaí laistigh de dhá sheachtain tar éis an tástáil a sheoladh isteach.
- Cuir glao ar an líne chabhrach mura bhfaigheann tú litir laistigh de dhá sheachtain.

Cé chomh hiontaofa is atá an tástáil?

- Ní féidir scagthástáil a úsáid chun a chur in iúl an bhfuil ailse phutóige ort nó nach bhfuil. Is í an fheidhm bhunúsach atá léi ná daoine a chur isteach ina dhá ngrúpa – na daoine sin nach dteastaíonn aon tástálacha breise uathu agus na daoine sin ar cheart dóibh dul faoi thástálacha breise.
- Níl aon tástáil iontaofa go hiomlán. Dá bhrí sin, má bhíonn ort ceann ar bith de na siomptóim atá liostaithe ar leathanach 6, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do lia-chleachtóir ginearálta, fiú i gcás gur glan a bhí an tástáil dheireanach a rinne tú.



Cad a tharlóidh ansin?

- Ní bheidh ort rud ar bith a dhéanamh má thaispeántar i do thoradh nach dteastaíonn aon tástálacha breise uait ag an am seo. Athdhéanfar an tástáil chéanna gach dhá bhliain go dtí go mbainfidh tú 74 bliana d'aois amach.
- Má thaispeántar i do thoradh nach dteastaíonn aon tástálacha breise uait, iarrfar ort an sainchleachtóir scagthástála a fheiceáil chun na chéad chéimeanna eile a phlé. Tugtar ionscópacht ar an drólann ar an tástáil is coitianta. Iarrfar ar thart ar thríúr as gach 100 duine a thástáiltear an sainchleachtóir scagthástála a fheiceáil. De na daoine sin, ní bheidh ailse ar naonúr as gach deichniúr a n-iarrfar orthu déanamh amhlaidh.

Cad is ionscópacht ar an drólann ann?

- Le linn ionscópacht ar an drólann, úsáidtear ceamara an-bheag atá suite ar cheann feadáin thanaí chun an dochtúir nó an t-altra a chumasú do phutóg a chuardach le haghaidh polaipí nó comharthaí ailse.
- Uaireanta, tógtar sampla beag den phutóg lena scrúdú faoi mhicreascóp chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aon chealla ailse ann.
- Amhail i gcás fhormhór na ngnáthamh leighis, tá an fhéidearthacht ann go dtiocfaidh aimhréidheanna aníos. I gcás gach 10,000 ionscópacht ar an drólann a dhéantar, is féidir go mbeidh fuil ann i thart ar 67 gcás agus go bpollfar an phutóg i níos lú ná 10 gcás. I gcás go dtarlóidh sé sin, beidh obráid ag teastáil i mbeagnach gach cás chun an poll a dheisiú. I gcásanna fíorannamha, is féidir le hionscópacht ar an drólann a bheith ina cúis le bás (tugtar le fios san fhianaise go dtarlaíonn sé sin uair amháin i ngach 10,000 cás).
- Má thairgtear ionscópacht ar an drólann duit, beidh deis agat aon ábhair imní atá agat a phlé leis an sainchleachtóir scagthástála.

Cad a tharlóidh i gcás go dtaispeánfar san ionscópacht ar an drólann go dteastóidh tuilleadh cóireála uaim?

I gcás go dteastóidh tuilleadh cóireála uait, seolfar thú chuig an speisialtóir is cuí. I gcás gur baineadh polaipí le linn ionscópacht ar an drólann, mar shampla, is féidir go n-iarrfar ort freastal ar ionscópacht eile ar an drólann i gceann bliana nó laistigh de thrí bliana.

Na siomptóim ar cheart duit súil a choinneáil amach dóibh

Is féidir leis na nithe seo a leanas a bheith ar áireamh i siomptóim na hailse putóige:

- fuil i do chac
- cac níos scaoilte, cac a dhéanamh ar bhonn níos minice agus/nó iatacht
- pian nó cnap i do bholg
- bheith níos tuirsí ná mar is gnách le tamall anuas
- meáchan a chailleadh gan aon chúis shoiléir

Cuimhnigh nach gciallaíonn na siomptóim sin i ngach cás go bhfuil ailse phutóige ar dhuine. Má bhíonn ceann ar bith de na siomptóim sin ort ar feadh trí seachtaine nó tréimhse níos faide, labhair le do lia-chleachtóir ginearálta. Tá sé tábhachtach go ndéanfa amhlaidh, fiú i gcás go ndeachaigh tú faoi scagthástáil ailse putóige agus/nó faoi ionscópacht ar an drólann le déanaí.

Conas is féidir liom an dóchúlacht go dtiocfaidh ailse phutóige orm a laghdú?

Chomh maith leis an scagthástáil a dhéanamh gach dhá bhliain, is féidir leat do riosca a laghdú ach cloí leis an chomhairle thíos. Faigh comhairle ag **www.choosetolivebetter.com** maidir le cad is stíl mhaireachtála shláintiúil ann.

- Ith cineálacha folláine bia. Déan cinnte de go n-itheann tú cúig phíosá toraidh agus glasra gach lá, agus cuir slánghráinní, pónairí agus piseánaigh le do réim bia le haghaidh snáithín. Ith a laghad feola deirge is féidir, go háirithe feoil dhearg phróiseáilte.
- Bíodh saol gníomhach agat. Is féidir leat an dóchúlacht go dtiocfaidh tinneas tromchúiseach ort a laghdú ach níos mó ama a chaitheamh i mbun gluaiseachta agus níos lú ama a chaitheamh i do shuí. Féach le dul i mbun gluaiseachta ar feadh dhá uair an chloig go leith in aghaidh na seachtaine.
- Coinnigh meáchan sláintiúil. Seachain méadú meáchain agus déan iarracht meáchan a chailleadh má tá tú róthrom.
- Ól níos lú alcóil. Chun rioscaí a choinneáil ar leibhéal íseal, ná hól níos mó ná 14 aonad alcóil in aghaidh na seachtaine.
- Scoir den tobac a chaitheamh. Is féidir le do Sheirbhís áitiúil in aisce um Scor den Tobac cabhrú leat - aimsigh í ag **www.stopsmokingni.info**

Conas a dhéanaim cinnte de go seolfar trealamh tástála chugam sa todhchaí?

- Seolfar an trealamh scagthástála chuig an seoladh atá ag do lia-chleachtóir ginearálta duit. Má bhogann tú chuig teach nua, ní mór duit an seoladh nua a chur in iúl do do lia-chleachtóir ginearálta a luaithe is féidir chun go gcoinneofar an liosta seoltaí cothrom le dáta. Mura ndéanann tú amhlaidh, is féidir go gcaillfidh tú an deis páirt a ghlacadh sa chlár scagthástála.

Cad a tharlóidh do mo shampla tar éis é a thástáil?

- Scríosfar do shampla tar éis é a thástáil. Cuirfear na torthaí isteach i ríomhaire agus seolfar tástáil eile chugat i gceann dhá bhliain.

Faisnéis cosanta sonraí

- Seolfar cóip de do thorthaí chuig do lia-chleachtóir ginearálta.
- Ní mór d'oifig an chlár scagthástála ailse putóige taifid a choinneáil de na daoine uile a scagthástáladh agus de na torthaí a fuair siad.
- Is féidir go ndéanfaidh baill foirne atá ag obair don chlár do thaifid a fheiceáil agus a athbhreithniú.
- Baintear úsáid as an fhaisnéis sin chun a chinntiú go bhfuil an clár ag obair de réir an ardchaighdeáin a mbítear ag súil leis.
- Léirítear freisin san fhaisnéis cá mhéad cás ailse a aimsíodh agus is é an toradh atá uirthi go dtugtar an chóireáil chuí do dhaoine.
- Is féidir go n-athbhreithneoidh muid do thorthaí scagthástála roimhe má dhiagnóisítear idir coinní scagthástála go bhfuil ailse phutóige ort. Beidh tú in ann torthaí an iniúchta sin a fheiceáil freisin más mian leat.
- Má theastaíonn aon fhaisnéis bhreise uait maidir le conas a dhéantar do thaifid a choinneáil agus a úsáid, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an líne chabhrach saorghlao ar **0800 015 2514**.

An mbeidh tú ag cabhrú le duine éigin an tástáil a úsáid?


Más cúramóir thú, níor cheart duit cabhrú le duine éigin eile an tástáil scagthástála a úsáid ach amháin i gcás gur mian leis nó léi go ndéanfa amhlaidh, agus i gcás gur aontaigh tú gur féidir leat í a dhéanamh.

Chun tuilleadh faisnéise a fháil nó chun teacht ar an bhileog seo i dteanga nó formáid eile, téigh chuig:

**[www.nidirect.gov.uk/articles/
bowel-cancer-screening](http://www.nidirect.gov.uk/articles/bowel-cancer-screening)**

I gcás daoine atá bodhar nó a bhfuil lagú cainte orthu, féadfar Relay UK a úsáid.

Cuir glao ar ár líne chabhrach ar
18001 0800 015 2514.



Public Health Agency
12-22 Linenhall Street, Belfast BT2 8BS.
Tel: 0300 555 0114 (local rate).
www.publichealth.hscni.net

Find us on:

